Sraith Cheardlanna Gréasáin

Churaclam Teanga na Bunscoile

Primary Language Curriculum Webinar Series

Ceardlann Ghréasáin 3: Bileog Leide

Tasc a hAon	
(a) Cén tuiscint atá agat ar mheasúnú?	**(b) Cén chuma atá ar mheasúnú i do sheomra ranga?**

Tasc a Dó

Roghnaigh modh measúnaithe amháin, atá léirithe ar Chontanam an Mheasúnaithe, gur mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi. Léigh faoi do mhodh roghnaithe i 'Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna' (2007, lch. 14-65).

(i) Nasc:

An féidir leat nasc a dhéanamh idir an modh measúnaithe a roghnaigh tú agus do chleachtas reatha?

(ii) Breis Eolais:

B'fhéidir go gcuireann an léitheoireacht seo le do chuid eolais maidir leis an modh measúnaithe roghnaithe. Más ea, conas?

(iii) Dúshlán:

B'fhéidir gur cuireadh dúshlán roimh do chuid smaointeoireachta i leith an mheasúnaithe? Más amhlaidh atá sé, cén tslí ar chuir sé dúshlán romhat?

Tasc a Trí	
(a) Ag smaoineamh ar an rang (nó ar ghrúpa páistí) atá agat anois, agus ar a réamhfhoghlaim, roghnaigh toradh foghlama a thacódh lena bhforbairt maidir le Teanga ó Bhéal.	**(b) Ainmnigh fócas faoi leith na foghlama gur mhaith leat béim a leagan air.** (Nóta: Agus tú ag roghnú fócas na foghlama, b'fhéidir go mbeidh cabhair ar fáil sa chur síos a bhaineann leis an toradh foghlama, nó sa chontanam dul chun cinn.)
Mar shampla: *Toradh Foghlama 6:* *Léiriú Tuisceana* *nó* *Learning Outcome 3:* *Social Conventions & Awareness of Others*	*Tuiscint a léiriú… (T.F.)* *Léiríonn an páiste tuiscint trí iarracht a dhéanamh bheith ag déanamh aithrise ar an méid a chonaic agus a chuala sé/sí... (Contanam Dul Chun Cinn)* *nó* *Use language...to work collaboratively…(LO)* *Taking part in turn taking games… (Progression Continua)*

Tasc a Ceathair

Bunaithe ar an toradh foghlama, agus fócas faoi leith na foghlama, atá aitheanta agat do'd pháistí i tasc a trí, roghnaigh (a) eispéiris foghlama agus (b) modhanna measúnaithe chun tacú le forbairt fhoghlaim teanga na bpáistí.

(a) Eispéiris Foghlama	(b) Modhanna Measúnaithe
Mar shampla: *Cinnín Óir agus na Trí Bhéar* *nó* *Playing Snakes and Ladders*	*Dírbhreathnú an mhúinteora;* *Ceistiú (M.sh. Suíochán Te - ceisteanna ar Chinnín Óir: "An maith leat an leite/an leaba/…", "Is aoibhinn liom an leite/an leaba/…" " Is fuath liom an leite/an leaba/…" &rl.)* *Teacher observation;* *Teacher questioning;* *Self-/Peer-Assessment (E.g. red/green cards, thumbs up/down, Even Better If…)*

Tasc a Cúig

Agus príomhtheachtaireachtaí na ceardlainne gréasáin san áireamh, déan machnamh ar an gcaoi a bhféadfá feabhas a chur ar do chleachtas measúnaithe i leith múineadh agus foghlaim teanga. Déan machnamh ar do chleachtas pearsanta agus ar chleachtas uile-scoile.

Aguisín A

Samplaí de Mhodhanna Measúnaithe ar Chontanam an Mheasúnaithe, leasaithe ó ‘Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna’ (2007, lch. 13). Ní ach samplaí atá iontu seo agus ní liosta cuimsitheach de gach modh measúnaithe dá bhfuil ann.